C/2026/3489

1.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12485 — EUROBANK / EUROLIFE LIFE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3489)

1. An 23 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EUROBANK S.A ('Eurobank', an Ghréig),

— EUROLIFE FFH LIFE INSURANCE S.A. ('Eurolife'; An Ghréig), faoi rialú Colonnade Finance Sàrl, (Lucsamburg) agus comhalta de Fairfax Financial Holding Limited ('Fairfax', Lucsamburg).

Gheobhaidh Eurobank rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Eurolife ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Oibríonn Eurobank agus a fhochuideachtaí sa bhaincéireacht mhiondíola agus corparáideach, sa bhaincéireacht phríobháideach, sa bhainistíocht sócmhainní, sna margaí caipitil, in infheistíochtaí réadmhaoine, etc. Tá sé i láthair sa Ghréig, agus sa Chipir, sa Bhulgáir agus Lucsamburg,

— Feidhmíonn Eurolife san earnáil árachais a sholáthraíonn raon leathan seirbhísí agus táirgí árachais saoil (polasaithe traidisiúnta árachais saoil, polasaithe atá nasctha le hinfheistíocht, táirgí pinsin etc.). Tá sé gníomhach den chuid is mó sa Ghréig agus tá sé gníomhach sa Rómáin freisin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

(Cás M.12485 - EUROBANK / EUROLIFE LIFE)

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË